

❁ An Lúibín ❁

26 Feabhra 2022

Cúrsaí litríochta

A bilingual collection of short stories by an Irish-Australian author and more money for publishers in Ireland.

Acadóir is ea Dymphna Lonergan a rugadh in Éirinn agus atá ina léachtóir in Ollscoil Flinders san Astráil Theas. Tá a lán ábhar léinn foilsithe aici faoi na hÉireannaigh san Astráil (*Sounds Irish*, 'Australia's Irish Place Names,' 'Fionán Mac Cártha: Gaelic Poet in Queensland,' agus eile) agus is fada spéis aici sa Ghaeilge.

Anois tá sí ar na scríbhneoirí úd a d'fhoilsigh ábhar liteartha i nGaeilge lasmuigh d'Éirinn. I mbliana foilsíodh *As Gaeilge: Irish short stories with translations* (Immortalise, 2022, ISBN 978-0-6488957-8-7). Ise a scríobh na scéalta go léir, cúig cinn agus iad ag cur síos ar an uaigneas, ar chaidreamh teaghlaigh agus ar an ngrá, in Éirinn agus san Astráil. Alesha Brewer a dhear an clúdach agus na léaráidí agus sáróbair déanta aici. Ní tearc iad na leabhair Ghaeilge a bhfuil rian an amaitéarachais ar an dearadh. Ní mar sin sa chás seo.

Tá sí ar an tríú húdar a scríobh scéalta nó dánta i nGaeilge san Astráil lenár linn, go bhfios dúinn. Julie Breathnach-Banwait agus Colin Ryan an bheirt eile. Bíodh súil againn lena thuilleadh.



Tá an-tábhacht le foilsitheoirí i saol na Gaeilge - Cló Iar-Chonnacht, Coiscéim, Leabhar Breac agus eile. Fiú más thar sáile atá tú agus leabhar le foilsiú agat, beidh tú ag brath de ghnáth ar fhoilsitheoir in Éirinn. Is maith an scéal, mar sin, go bhfuil Roinn na Gaeltachta chun €665,000 chun tús a chur le tionscnamh foclóireachta agus chun cabhrú le foilsitheoirí tar éis Covid-19. Mairfidh an tionscnamh sin cúig bliana.

Ina theannta sin, tabharfadh an Roinn maoiniú aon uaire de €300,000 do Chlár na Leabhar Gaeilge. Rachaidh an chuid is mó de sin – €250,000 – chun foilsitheoirí Gaeilge.

Caithfear a admháil nach bhfuil easpa foclóirí ar an nGaeilge cheana, idir leaganacha clóite agus leaganach ar líne. Tá *Foclóir Gaeilge–Béarla Uí Dhónaill*, *An Foclóir Beag*, *English–Irish Dictionary* de Bhaldráithe, Bunachar Gramadaí agus Bunachar Foghraíochta le fáil ar Teanglann.ie, agus Foclóir.ie agus Téarma.ie ar shuíomhanna eile. Is beag teanga mhionlaigh eile a chuirfeadh a leithéidí ar fáil.

Mar sin féin, áitíonn Foras na Gaeilge gur beag Gaeilgeoir a léann leabhair Ghaeilge mar chaitheamh aimsire. Tá foilsitheoirí na Gaeilge ag brath ar thimpeall 1,500 léitheoir rialta ar a mhéad – an dream is dílse, b'fhéidir. Ar an taobh eile de, tá na scríbhneoirí ann agus éagsúlacht ag baint leis na leabhair: dáiltear timpeall 200,000 leabhar Gaeilge gach bliain ar 260 siopa leabhar agus deich gcinn acu sin thar lear. Déanann na foilsitheoirí éacht, ach mar a deir Regina Uí Collatáin, Cathaoirleach an Fhorais, tá acmhainní in easnamh orthu fós.

Agus nár mhaith an smaoineamh é mar spreagadh chun léitheoireachta cóiriú scannánaíochta a dhéanamh ar roinnt leabhar Gaeilge. Tugtar breis airgid chun TG4 chun dul i gceann na hoibre. Má bhaineann tú sult as an scéal ar an scáileán, seans maith go mbeidh suim agat sa leabhar.



Cáipéisí an Aontais

Irish, as from the start of 2022, can be used to translate every kind of EU document. Some doubt if it is worth the trouble.

Tá an Ghaeilge ar comhchéim le teangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh (trí theanga is fiche) ón i Eanáir 2022. Nuair a chuaigh Éire isteach sa Phobal Eacnamaíoch Eorpach (bunús an Aontais Eorpaigh) in 1973

rinneadh teanga Chonartha den Ghaeilge, rud a chiallaíonn nár aistríodh go Gaeilge ach conarthaí. In 2007 rinneadh teanga oifigiúil agus oibre den Ghaeilge san Aontas Eorpach (a bunaíodh go foirmiúil in 1992), ach níor aistríodh gach cáipéis go Gaeilge. Anois is féidir gach cáipéis a aistriú. Aithnítear gur deacair na haistrítheoirí a fháil chuige, ach tá an tAontas agus Rialtas na hÉireann ag dul i gcomhar le chéile chun daoine a earcú agus acmhainní a chur ar fáil.

Is iad na buntáistí a luaitear le stádas na Gaeilge in AE saibhriú teicniúil na teanga agus an siombaileachas a bhaineann le féiniúlacht na hÉireann. Ach tá daoine ann nach n-aontaíonn gur rud fóna é. Orthu sin tá Ray Bassett, Gaeilgeoir agus iarthaidhleoir a deir nach fiú Gaeilge a chur ar neart cáipéisí nach léifear agus gur fearr an t-airgead a chaitheamh ar an ngaelscolaíocht agus ar threisiú na Gaeltachta.

Níl Gaeilge ag formhór na bhfeisirí ó Éirinn, ach Gaeilgeoir is ea Emily O'Reilly, Ombudsman Eorpach, agus chinn sí Gaeilge a labhairt ina tuairisc bhliantúil ó tharla lánstádas a bheith ag an teanga anois:

<https://tuairisc.ie/fisean-gaeilge-amhain-ag-an-ombudsman-eorpach-i-bparlaimint-na-heorpal>

Féach

*https://ec.europa.eu/info/news/irish-now-same-level-other-official-eu-languages-2022-jan-03_en

*<https://www.express.co.uk/news/politics/1544156/eu-news-ireland-irish-eu-news-irexit-brexit-news>



Cliseadh múinteoireachta

Recent studies confirm the impression that the standard of Irish among teachers in Irish-medium secondary schools in Ireland leaves a lot to be desired – when you can recruit the teachers at all.

Cuireadh an-spéis, de réir dealraimh, in alt a bhí ar *Tuairisc.ie*: 'B'éigean do cheithre scoil as gach cúig iarbhunscoil Ghaeltachta múinteoir nach raibh Gaeilge líofa acu a fhostú, de réir suirbhé nua. De réir suirbhé a rinne Tuairisc.ie ar phríomhoidí iarbhunscoile Gaeltachta, dúirt 22 duine as 28 díobh go raibh orthu múinteoirí gan Gaeilge líofa a earcú le folúntais a líonadh, ceal malairt rogha a bheith ar fáil'.

Admhaítear gur deacair do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge le blianta anuas teacht ar mhúinteoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu. Deir an t-alt go ndúirt 19 den 28 bpríomhoide a ghlac páirt sa suirbhé gur dheacair dóibh múinteoirí líofa a fháil a d'fhéadfadh ábhar seachas Gaeilge a mhúineadh. Tá sé ag dul rite le 16 iarbhunscoil Ghaeltachta (57%) folúntais a líonadh agus múinteoirí líofa chomh gann sin. Tá scéalta ann faoi mhúinteoirí gan Gaeilge ar bith á n-earcú, cé go mbíonn cuid acu sásta líofacht a bhaint amach. Dealraíonn sé gur teangacha agus eolaíocht is mó a bhfuil múinteoirí líofa ag teastáil uathu, ach tá a lán ábhar eile sa phráinn chéanna.

Tá an Roinn Oideachais chun cúrsa lán-Ghaeilge a bhunú do chéimithe arb áil leo dul leis an múinteoireacht. Cúrsa dhá bhliain é, ach is dócha gur scoileanna lán-Ghaeilge is mó a bhainfidh tairbhe as.

Tá breis eolais le fáil ó staidéar a rinne Christine Ní Chathasaigh agus T.J. Ó Ceallaigh agus a foilsíodh ar ComharTaighde. Deir siad go bhfuil 47 nGaelcholáiste ag freastal ar 3.6% de na daltaí i bPoblacht na hÉireann (staitisticí ó 2018/2019): 'Tá sé léirithe go gcuireann cláir thumoideachais lán-Ghaeilge dúshlán roimh scoláirí agus roimh mhúinteoirí araon.' In 2020 chuir siad agallamh ar chúigear múinteoirí a bhíonn ag plé le hábhair phraiticiúla éagsúla. Rinne na taighdeoirí amach go raibh 'scoileanna ginchumais' (cumas ar rudaí a chur in iúl) níos laige ná mar is ceart acu maidir le saineúlacht stór focal, cruinneas gramadaí, agus oiriúnacht úsáide.

Aithnítear go bhfuil fíorghanntanas múinteoirí ann a bhfuil a ndóthain Gaeilge acu chun a bheith ag obair tríd an teanga. Tá a fhios ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge gur cóir dóibh a bheith ina n-eiseamláirí teanga ach níl muinín acu ina gcumais teanga féin. Is minic iad ag obair gan mórán tacaíochta.

Shíl na múinteoirí ar cuireadh agallamh orthu go raibh a gcuid Gaeilge 'míchruinn agus meirgeach'. D'admhaigh roinnt acu nach raibh na rialacha gramadaí ar eolas acu. Dúirt múinteoir amháin go mbíonn a fhios aici uaireanta go bhfuil abairt éigin 'mícheart' ach nach bhféadann sí an míchruinneas a mhíniú. Ní bhíonn daoine ag iarraidh comhrá a thosú i Gaeilge ar eagla nach mbeadh an duine eile sásta an teanga a labhairt. Dúirt beirt den chúigear nach mian le múinteoirí Gaeilge a úsáid sa seomra foirne ar eagla go sílfeadh múinteoirí eile le beagán Gaeilge go bhfuil siad drochbhéasach.

Féach

*<https://tuairisc.ie/muinteoiri-nach-raibh-gaeilge-liofa-acu-fostaithe-i-80-de-scoileanna-gaeltachta/>

*Christine Ní Chathasaigh agus T.J. Ó Ceallaigh, 'Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscóile sa tumoideachas: dearchtaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí': <https://comhartaighde.ie/eagrain/7/nichathasaigh-ocellaigh/>



Gaeilge na nDílseoirí i mBéal Feirste

A study of soldiers from Loyalist East Belfast in WW1 has shown that scores of them were Irish speakers.

I staidéar a rinneadh ar shaighdiúirí de chuid an Chéad Chogadh Domhanda ó oirthear Bhéal Feirste, limistéar Protastúnach agus Dílseach, fuair siad amach go raibh seacht nduine is seachtó acu ina gcainteoirí Gaeilge. Bhain na taighdeoirí le Turas, eagraíocht a chuireann an teanga chun cinn sa phobal Protastúnach, agus bhí siad ag scagadh taifid mhíleata agus figiúirí daonáirimh le hocht mí dhéag. I mblianta tosaigh an fichiú haois d'iarr an daonáireamh Éireannach ort do chumas Béarla nó Gaeilge a bhreacadh síos.

Chuir ceannaire an tionscadail (Carmel Duggan) in iúl go raibh dearcadh nua ag teacht ag daoine ar an teanga ó 1912 nó mar sin de thoradh cúrsaí polaitíochta, agus go raibh seilbh ag pobal eile uirthi faoi dheireadh an chogaidh.

Fuair an tionscadal tacaíocht ón National Lottery Heritage Fund, agus rinneadh crostagairt idir freagraí i ndaonáirimh 1901 agus 1911 agus eolas ar shaighdiúirí i dtaifid mhíleata a bhailigh an staraí áitiúil Jason Burke.

Rinneadh feidhmeannaigh líne a chur trí mhórán freagraí ó Phrotastúnaigh, saighdiúirí agus eile, a dúirt go raibh Gaeilge acu. Ní fios cén fáth, ach b'fhéidir go raibh iarracht á tabhairt faoi úsáid na teanga ag Protastúnaigh a cheilt.



Cathracha cloiche an Aigéin Chiúin

The islands of Micronesia in the South Pacific are the site of two ancient and extraordinary stone cities, Leluh and Nan Madol.

Cathracha ársa cloiche san Aigéan Chiúin – áit nach mbeadh súil agat lena leithéidí. Leluh agus Nan Madol atá i gceist agus iad araon le fáil i Stáit Chónaidhme na Micrinéise san Aigéan Ciúin.



Nan Madol

Wikimedia Commons

Oileáin ar fad atá i limistéar an Micrinéise, iad roinnte ina bpoblachtaí den chuid is mó agus iad suite lastuaidh de Nua-Ghuine Phapua agus lastoir de na hOileáin Philipíneacha agus den Téaváin. Baineann Stáit Chónaidhme na Micrinéise leis na hOileáin Charailíneacha i lár an réigiúin.

Tá fothracha Leluh le fáil ar Oileán Lelu, in aice le Kosrae, oileán níos leithne. Baineann na fothracha le cultúr a bhain a bhuaic amach sa 14ú agus sa 15ú haois agus a raibh a rian ar an áit fós nuair a tháinig na hEorpaigh go luath sa 19ú haois.

Rinneadh an chathair de bhloic de choiréal agus de bhasalt, agus tá tithe, tuamaí ríoga agus spásanna coisricthe ann. Bhí an rí agus a theaghlach ina gcónaí i lár na cathrach laistigh de mhúrtha arda basailt; chónaigh na mionuaisle thiar i dtithe coiréil agus ní raibh ag an gcosmhuintir ach botháin.




FIGURE 2

Hambuch's 1910 Map of Western Leluh. The high-walled compounds and tombs are at the right centre, extending to the south shore. Compound spellings are in the old German orthography, but most are recognisable in relation to the orthography used in this paper's text. Two are not. Kenwen is labelled Keánuán on this map, and Insrüin is labelled Insómuon. Kinyeir Fulat is labelled Kinjer feiat. (Map from Sarfert 1919).


Leluh

Wikimedia Commons

Tá Nan Madol suite lastoir d'Oileán Pohnpei, áit ar tógadh a chuid múrtha i murlach. Tá beagnach céad inseán saorga ann atá déanta de chlocha agus de choiréal agus canálacha taoide lena dtaobh. Ba é Nan Madol suíomh deasghnách agus polaitiúil na Saudeleur, ríora a rialaigh timpeall 25,000 duine ar Pohnpei anuas go dtí timpeall 1628.

Taispeánann an dátú carbóin gur thosaigh an tógáil timpeall 1180 AD, le clocha móra basailt a tugadh anall ó phluga bolcánach ar an taobh eile de Pohnpei. Is dócha gur chuir daoine fúthu ann timpeall an chéad aois AD, agus is léir ón dátú carbónach go raibh gníomhaíocht dhaonna ann idir 80–200 AD. Bhí siad ag tógáil na n-inseán san 8ú nó sa 9ú haois, agus bhí na múrtha agus eile á dtógáil idir 1180–1200 AD.

Bhí na huaisle ina gcónaí i lár na cathrach agus bhíodh na sagairt i mbun deasghnátha báis ann. Ní bheadh níos mó ná míle duine ann agus bhain a bhformhór leis an gcosmhuintir. Bhí feidhm ar leith le cuid de na hinseáin: bia a réiteach, curacha a thógáil. Tá múrtha arda timpeall tuamaí, agus is díol suntais é an t-inseán ríoga, mar a bhfuil múrtha os cionn cúig mhéadar ar airde timpeall tuama ríoga i gclós mór.



Léarscáil Nan Madol

Wikimedia Commons

Treasraíodh an ríora timpeall 1628, agus tamall ina dhiaidh sin tréigeadh Nan Madol.

Is díol spéise ar leith é an léargas spásúil a thugtar ar roinnt na cumhachta sna cathracha seo, léargas a chuirtear in iúl le cloch agus uisce. Níor tháinig fothracha an dá chathair slán ar fad ó scrios na haimsire agus an duine, ach tá na múrtha móra fós ann. Is é an rud is mó atá á gcur i mbaol anois éirí na farraige de thoradh an téimh dhomhanda.



Fonóta: an Úcráin

Níl easpa tráchtairachta ar an ionradh atá á dhéanamh ar an Úcráin ag an Rúis (nó, lena rá níos cruinne, ag rialtas na Rúise). Is léir, thar aon rud eile, nár ghá an t-ionradh a dhéanamh: ba leor na 'poblachtaí' beaga scarúnaíocha san oirthear a ghabháil - poblachtaí atá á reáchtáil ag drongadóirí faoi láthair ach ar vótáil cuid mhaith den phobal ann ar son na scarúna.

Ní maith an rud é cur síos ar an Uasal Putin mar arracht: níl ann ach duine, polaiteoir tiarnúil nach maith leis freasúra, agus a bhfuil dearbheagla air roimh fhairsingiú NATO. Is furasta é sin a thuiscint: ach ní furasta a thuiscint cén fáth a rachadh sé thar cailc mar a rinne sé an uair seo, murar sháraigh an fhearg ar an gciall aige. Fear é nach féidir leis é féin a shaoradh ó aigne chúng an tseansaoil (agus ní galar aon duine amháin é). Is iomaí tráchtair a dúirt gur mian leis meas a bheith ag an domhan ar an Rúis – a leagan féin den Rúis. Agus tá drong ina thimpeall a bhfuil an meon céanna acu.

B'fhéidir gur chuir sé iontas ar fhórsaí na Rúise gur chuir na hÚcránaigh ina gcoinne chomh tréan sin. Ach is láidre go mór na Rúisigh i dtaca le líon fear agus acmhainní de, cé go ndeirtear go bhféadfadh na hÚcránaigh leanúint ar an troid go ceann i bhfad in iarthar na tíre.

Sa Rúis féin tá an scéal oifigiúil á scaipeadh ar fud na tíre ag na gnáthmheáin – an Úcráin mar áit atá faoi bhois an chait ag antoiscigh den eite dheas, daoine ar cheart iad a threascairt. Tá a leithéidí le fáil san Úcráin, gan dabht, ach mionlach iad (agus tá siad le fáil sa Rúis féin). Ní deacair le daoine glacadh leis an scéal oifigiúil, cé go bhfuil mionlach ann atá ag cur a míshásaimh in iúl ar an tsráid. Ach ní cóir a dhearmad go bhfuil gaolta ag a lán Rúiseach san Úcráin, agus go bhféadfadh daoine teacht ar athchomhairle dá marófaí mórán saighdiúirí Rúiseacha. Beidh nuacht agus nuacht eile ann. Caithfidimid fanacht.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Ceithre dhán le Colin Ryan

Aistear

ghabh sé trí na sráideanna
istoíche
mar ghadaí nó teachtaire

an ghealach ina lóchrann
na réaltaí
á n-idiú féin

ar maidin
bhí na sléibhte ann
gan fáilte gan doicheall

gaoth scallta laistiar díobh
gaineamhlach go bun na spéire

lig sé don ghaineamh é a bhá
lig sé chuige an t-íonú

Leabhair

Dornán leabhar
a fágadh sna fothracha
(fisic is cóiriú bláthanna)
faoi shúil na gréine tnáite

a raibh filíocht inti fós
in intinn na cruinne

is na filí féin

dulta i ndearmad
(mar is cuí)
le gliogar binn a línte

Fear de do mhuintir

An aicíd sna scamhóga aige
ón mianadóireacht
é ag cur aistear air féin
ó lá go chéile
na héin in airde san aer
ag mealladh na súl
ón gcré
is an mianach
ídithe

I ngloine

An ghrian gafa
i ngloine uisce

cuileog
i mbéal
fuinneoige

an focal
ina stad
san aer